Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 3 Bealtaine 2019
(OR. en)

8729/19

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2016/0362(COD)**

**CODEC 986**
**EF 172**
**ECOFIN 433**
**DRS 37**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2014/59/AE maidir le hacmhainneacht ionsúcháin caillteanais agus acmhainneacht athchaipitliúcháin institiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta agus Treoir 98/26/CE **(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle an 23 Samhain 2016.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 30 Márta 2017[2].

3. Thug an Banc Ceannais Eorpach a thuairim uaidh ar an 8 Samhain 2017[3].

[1] 14777/16 + COR 1.
[2] IO C 209, 30.6.2017, lch. 36.
[3] IO C 34, 31.1.2018, lch. 17.

4. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 16 Aibreán 2019. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[4].

5. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 48/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

   Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

   Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

---

[4] 8423/19.